Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Eispéireas Foghlama Gairmiúla 3:

# Bláthú Teanga í a Léamh

Spléachadh ar dhea-chleachtas in ionramháil na dtéacsanna litríochta i ranganna na hArdteistiméireachta

Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, i mí an Mheithimh 2027 agus 2028

CC BY NC

# Intinní Foghlama


San EFG seo, beimid

• ag fiosrú Tacsanomaíocht Bloom mar acmhainn i bhforbairt scileanna tuisceana, ag úsáid ‘Glaoch Abhaile’ le hÁine Ní Ghlinn mar spreagthach

• ag forbairt samplaí de cheisteanna féideartha bunaithe ar Thacsanomaíocht Bloom i gcomhthéacs na filíochta

• ag forbairt féidearthachtaí chun Tacsanomaíocht Bloom a chur i bhfeidhm i dtasc labhartha spreagtha ag staidéar ar an dán 'Glaoch Abhaile' le hÁine Ní Ghlinn.

# Siollabas na hArdteistiméireachta, 2010


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

GAEILGE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

NA SIOLLABAIS

AGUS

AN CÓRAS MEASÚNACHTA

ARNA FHOILSIÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
(Nuashonraithe, Feabhra 2010)

https://tinyurl.com/yavek5yw

# Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028

Oide



An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Ciorclán: 0071/2025

**Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Iar-bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).**

**Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028**

Is mian leis an Roinn Oideachais a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal go leagtar amach sa chiorclán seo an t-ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028.

Is ionann liosta na n-ábhar atá leagtha síos i gceangal leis seo agus na hábhair atá leagtha síos i gciorclán 0070/2024 do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027. Tá tuilleadh soiléireachta curtha ar fáil maidir leis an gcúrsa roghnach. Beidh feidhm ag an liosta seo anois freisin do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2028.

Iarrann an Roinn ar údaráis scoileanna aird na múinteoirí Gaeilge uile a dhíriú ar an gciorclán seo.

Meabhraíonn an Roinn do scoileanna gur cheart aon úsáid a bhaintear as na téacsanna seo san Idirbhliain a bheith i gcomhréir le *Ráiteas Chlár na hIdirbhliana* (2024) .

Iarrann an Roinn ar údaráis scoileanna fógra leordhóthanach a thabhairt do scoláirí faoi na téacsanna seo roimh thús na scoilbhliana ábhartha.

Féadfar rochtain a fháil ar an gciorclán seo ar www.gov.ie.

https://tinyurl.com/3jkhaaep

Oide

# Tacsanomaíocht Bloom i gComhthéacs na Filíochta





‘Glaoch Abhaile ’ le hÁine Ní Ghlinn

# 'Glaoch Abhaile' Línte 1-11

Sea sea a Mham

Go diail ar fad

Tá árasán agam

Dhá sheomra

Iad breá cluthar

Teas lárnach agus uile

No níl fón agam go fóill

Ach beadsa chugaibh

Don Nollaig


Sea don Nollaig

Le cúnamh Dé

# Tacsanomaíocht Bloom

‘... d'fhéadfaí na fréamhacha ceiste seo a úsáid agus a chur in oiriúint le cabhrú leat na cineálacha ceiste a chuireann tú sa seomra ranga a dhéanamh níos éagsúla’


(CNCM, 2015, ‘Fócas ar an bhFoghlaim - Ceistiú Éifeachtach’, lch 8)



# Scileanna Smaointeoireachta Criticiúla

| Leibhéal 1: Cuimhniú | Leibhéal 2: Tuiscint a fhorbairt | Leibhéal 3: Eolas a chur i bhfeidhm | Leibhéal 4: Anailís a dhéanamh air | Leibhéal 5: Measúnú a dhéanamh air | Leibhéal 6: Ábhar nua a Chruthú |
|---|---|---|---|---|---|
| Fíricí a thabhairt chun cuimhne (Liostaigh, ainmnigh, sainmhínigh) | An smaoineamh a mhíniú – (le hachoimre agus cur síos ar an smaoineamh / tuiscint). | An t-eolas a fuarthas ón téacs litríochta a chur i bhfeidhm le tasc eile (Taispeáint agus a úsáid). | An t-eolas sin a bhriseadh síos i gcodanna (comparáid agus codarsnacht eatarthu). | Réasúnaíocht a thabhairt agus critíc a dhéanamh air. | Ábhar uathúil a chruthú (dearadh agus cumadóireacht). |

# Tasc leanúnach tríd an EFG ar líne




# Tacsanomaíocht Bloom: Leibhéal 1

Oide

**Cuimhniú**

Fíricí a thabhairt chun cuimhne

(Liostaigh, ainmnigh, sainmhínigh)





Leibhéal 1



# Tacsanomaíocht Bloom: Leibhéal 2

Tuiscint a fhorbairt

An smaoineamh a mhíniú - le hachoimre agus cur síos ar an smaoineamh / tuiscint.





Leibhéal 2



# Tacsanomaíocht Bloom: Leibhéal 3

Eolas a chur i bhfeidhm

An t-eolas a fuarthas ón téacs litríochta a chur i bhfeidhm le tasc eile (Taispeáint agus a úsáid).





Leibhéal 3



# Tasc
# Leibhéal 1, 2 agus 3

Tasc: Samplaí de cheisteanna a chur ar an mbileog




Leibhéal 3

Leibhéal 2

Leibhéal 1

5 nóiméad

**Leibhéal 1: Cuimhniú**

Fíricí a thabhairt chun cuimhne (Liostaigh, ainmnigh, sainmhínigh)

**Leibhéal 2: Tuiscint a fhorbairt**

An smaoineamh a mhíniú – (le hachoimre agus cur síos ar an smaoineamh / tuiscint).

**Leibhéal 3: Eolas a chur i bhfeidhm**

An t-eolas a fuarthas ón téacs litríochta a chur i bhfeidhm le tasc eile (Taispeáint agus a úsáid).

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ceistiúchán Cuí - Leibhéal 1

Aiseolas

Cé acu de na carachtair atá

- cainteach
- óg
- neamhspleách
- cúthaileach
- eile?

Cad iad tréithe an tuismitheora?

- buartha
- fiosrach
- grámhar
- imníoch
- eile

- Cén t-údar a chum?
- Cad a tharla sa rann / véarsa deireanach?
- Cá bhfuil an dán suite?

# Ceistiúchán Cuí - Leibhéal 2

Oide

Aiseolas

Cén tuiscint atá agat ar shuíomh Pháidín anseo?

Mínigh dearcadh na máthar sa suíomh seo.

Mínigh cén fáth gur inis Páidín bréaga dá mháthair.

Déan achoimre i do fhocail féin ar scéal an dáin.

Cad a tharla do na carachtair beirt ag deireadh an ghlaoigh?

# Ceistiúchán Cuí - Leibhéal 3

Aiseolas

Cad a dhéanfá dá mba thusa Páidín? An Mháthair? An féidir leat ionnanú le Páidín anseo?
An inseofá an fhírinne do do mháthair?

An raibh cur amach agat riamh ar chomhrá mar seo?

An comhrá a chumadh is a chur i láthair.

Scríobh litir abhaile ó Pháidín ag míniú an fhíorscéil agus ag cur síos ar a shaol i Londain agus litir na máthar mar aisfhreagra.

# Gníomhaíocht 1: (A)

**2 nóiméad**

Oide

**Cén leibhéal ó 1, 2, 3 lena mbaineann na ceisteanna seo?**

A: Ainmnigh na háiseanna atá san árasán, dar le Páidín? 1

B: Cruthaigh comhrá idir máthair Pháidín agus cara léi tar éis an ghlaoigh. 3

C: Cad é príomhsmaoineamh an dáin seo? 2

D: Samhlaigh comhrá idir Pháidín agus cara leis. 3

E: Mínigh conas a bhraith Páidín roimh an nglaoch abhaile? 2

F: Bhí an fhírinne á cheilt ag Páidín. Fíor nó Bréagach? 1

Leibhéal 1: Cuimhniú

Fíricí a thabhairt chun cuimhne

(Liostaigh, ainmnigh, sainmhínigh)

Leibhéal 2: Tuiscint a fhorbairt

An smaoineamh a mhíniú - le hachoimre agus cur síos ar an smaoineamh/ tuiscint.

Leibhéal 3: Eolas a chur i bhfeidhm

An t-eolas a fuarthas ón dán a chur i bhfeidhm le tasc eile (Taispeáint agus a úsáid).

# Gníomhaíocht 1: (B)

**4 Nóiméad**

Oide

Cum ceisteanna bunaithe ar leibhéil 1-3 don Tacsanomaíocht Bloom a bheadh in oiriúint do **thasc labhartha** le do scoláirí bunaithe ar an dán.


Aiseolas

# Tacsanomaíocht Bloom: Leibhéal 4

Anailís a dhéanamh air

An t-eolas sin a bhriseadh síos i gcodanna

(comparáid agus codarsnacht eatarthu)




Leibhéal 4







Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tacsanomaíocht Bloom: Leibhéal 5

Measúnú a dhéanamh air

Réasúnaíocht a thabhairt agus critíc a dhéanamh air




Leibhéal 5






# Tacsanomaíocht Bloom: Leibhéal 6

Ábhar nua a Chruthú

Ábhar uathúil a chruthú (dearadh agus cumadóireacht).





Leibhéal 6



# Tasc
# Leibhéal 4, 5 agus 6

Tasc: Samplaí de cheisteanna a chur ar an mbileog




Leibhéal 6

Leibhéal 5

Leibhéal 4

**Leibhéal 4: Anailís a dhéanamh air**

An t-eolas sin a bhriseadh síos i gcodanna (comparáid agus codarsnacht eatarthu).

**Leibhéal 5: Measúnú a dhéanamh air**

Réasúnaíocht a thabhairt agus critíc a dhéanamh air.

**Leibhéal 6: Ábhar nua a Chruthú**

Ábhar uathúil a chruthú (dearadh agus cumadóireacht).

**5 nóiméad**

# Ceistiúchán Cuí- Leibhéal 4

Aiseolas

Déan anailís ar an atmaisféar ag tús an dáin agus conas a athraíonn sé ag deireadh an dáin?

Cad iad na difríochtaí idir thréithe Pháidín agus tréithe na máthar mar a léirítear dúinn anseo iad?

Déan comparáid idir shaol Pháidín sa chathair agus an saol sa bhaile.

# Ceistiúchán Cuí - Leibhéal 5

Oide

Aiseolas

Cad é do mheas ar an máthair sa suíomh?

Cad é an íomhá is mó a mhúsclaíonn suim ionat sa dán seo? Cén fáth?

Ní duine deas é Páidín? Cad é do mheas ar an tuairim seo?

# Ceistiúchán Cuí - Leibhéal 6

Aiseolas

Scríobh cuntas ar na dúshláin atá le láimhseáil ag daoine óga an lae inniu.

Scríobh blag ó dhearcadh duine ó chumann carthanachta a chabhraíonn le daoine gan dídean ar na sráideanna istoíche.


Déan rólghlacadh leis na carachtair ón dán ach le véarsaí nua curtha leis, chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sa seomra ranga.

# Gníomhaíocht 2:
## Tasc Labhartha a ullmhú don Seomra Ranga

10 nóiméad

Bunaithe ar struchtúr
Thacsanomaíocht
Bloom cruthaigh tasc labhartha
don seomra ranga  bunaithe
ar an dán 'Glaoch Abhaile'.






Aiseolas

# Intinní Foghlama

San EFG seo, bhíomar

- ag fiosrú Tacsanomaíocht Bloom mar acmhainn i bhforbairt scileanna tuisceana, ag úsáid 'Glaoch Abhaile' le hÁine Ní Ghlinn mar spreagthach
- ag forbairt samplaí de cheisteanna féideartha bunaithe ar Thacsanomaíocht Bloom i gcomhthéacs na filíochta
- ag forbairt féidearthachtaí chun Tacsanomaíocht Bloom a chur i bhfeidhm i dtasc labhartha spreagtha ag staidéar ar an dán 'Glaoch Abhaile' le hÁine Ní Ghlinn

# Treoir Teagaisc CNCM




Eoinín na nÉan




Iníon




Cuairteoir

[Ábhar tacaíochta | Curriculum Online]

# Tagairtí


CNCM. (2015). 'Fócas ar an bhFoghlaim 2: 'Ceistiú Éifeachtach' (Baile Átha Cliath) Ar fáil ag: https://ncca.ie/ga/acmhainni/ncca-junior-cycle-assessment-workshop-2-ga/

CNCM. (2024). Ábhar Tacaíochta. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/gaeilge/abhar-tacaiochta/

An Roinn Oideachais agus Óige. (2025). Ciorclán 0071/2025. Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/5b8e6718/Circular_0071.2025.pdf

An Roinn Oideachais. (2010). Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal). Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/c794666b-8ca5-4f78-8160-809e296d19d2/Siollabais-Nuashonraithe-na-hArdteistimeireachta_1.pdf

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, i gcomhar le CNCM. (2004). TREOIRLÍNTE MAR THACA LE MÚINEADH AN CHÚRSA LEASAITHE LITRÍOCHTA. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/ec7ba6cf-44ac-4851-aa08-7d9209712f3d/SCSEC16_Gaeilge_guidelines.pdf

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Focal Buíochais



Is féidir teagmháil a dhéanamh le Foireann Ghaeilge *Oide* trí ríomhphost a chur chuig eolas@oide.ie agus 'Gaeilge Iar-bhunscoil' a chur mar líne ábhair.

Lean muid: @Oide_PP_Gaeilge_

Instagram: @OideGaelAonad

CC BY NC